D'fhonn a bheith i dteideal Cheadúnas Oibrithe ní mór don iarrthóir, i measc rudaí eile, a phríomhaonad gnó agus a oifig chláráithe (más infheidhme) a bheith in Éirinn agus ní mór go mbeadh a ghairm in iompar aeir i leithlis nó comhcheangailte le oibriúchán tráchtála eile d'aerárthach nó in athchóiriú agus cothabháil aerárthach. Ní mór don iarrthóir riachtanais úinéireachta agus rialaithe na reachtaíochta a shásamh (i.e. ní mór go mbeadh sealbhóir de Cheadúnas Oibrithe faoi úinéireacht thromlaigh agus faoi rialú éifeachtach Stáit LEE² nó naisiúnaigh LEE. Lena chois sin, ní mór d'iarrthóirí riachtanais a bhaineann le feidhmiúlacht airgeadais agus clúdach árachais a shásamh. Ní mór go mbeadh Teastas Oibreora Aeir (TOA) ag na hiarrthóirí uile, agus ar feadh fhad sheilbh an Cheadúnais Oibrithe. Tá Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA) freagrach as TOAanna a thabhairt.

Gníomhaíocht Cheadúnaithe agus Comhlíonadh

Ar 1 Eanáir 2006, bhí 17 aerlíne Éireannacha ceadúnaithe cláráithe in Éirinn. Le linn 2006 níor eisigh an Coimisiún ceadúnais úra ar bith.

Déanann an tábla thíos achoimre ar ghníomhaíocht cheadúnaithe le linn 2006 maidir le ceadúnú aeriompróirí.

Gníomhaíocht Cheadúnaithe 2006- Aeriompróirí	CatagóirA ³	CatagóirB ⁴
Ceadúnais ag 1 Eanáir 2006	8	9
Ceadúnais úra a eisíodh	0	0
Cúlghairmeacha	0	0
Géilleadh deonach de cheadúnas	1	0
Iomlán ag 31 Nollaig 2006	7	9

I mí Dheireadh Fómhair 2006, rinneadh an Ceadúnas Oibrithe a bhí i seilbh oibreora amháin i gCatagóir A a ghéilleadh go deonach i ndiaidh cinneadh a rinne an chuideachta oibriúcháin a fhuaidreamh. Bhí stádas sealadach sannaithe ag an gCoimisiún ar an gceadúnas a bhí ag an gcuideachta seo i mí Lúnasa 2006 ar feitheamh atheagraithe airgeadais. Níor éirigh leis an gcuideachta, áfach, dul i ngleic lena deacrachtaí airgeadais agus mar sin ní raibh sí ábalta riachtanais uile Rialacháin Uimh. 2407/92 den Chomhairle a shásamh níos mó.

Ag deireadh 2006, bhí 16 aerlíne Éireannacha ceadúnaithe. As na 16 aerlíne Éireannacha ceadúnaithe, bhí ceadúnais Chatagóir A ag 7 cinn acu. Bhí ceadúnais Chatagóir B ag an 9 cinn eile.

Éilíonn an reachtaíocht sa réimse seo go mbeidh Ceadúnas Oibrithe faoi réir ag athbhreithniú bliain amháin i ndiaidh á thabhairt agus gach cúig bliana ó sin amach. Le linn na bliana, éilíodh ar dhá chuideachta ag a raibh Ceadúnas Oibrithe Aeriompóra a bheith páirteach san athbhreithniú cúig bliana ar a gceadúnas. Mar thoradh ar an dá athbhreithniú coinníodh an Ceadúnas Oibrithe Aeriompóra.

² Limistéar Eorpach Eacnamaíoch – Gach tír AE agus an Iorua, an Íoslainn agus Liechtenstein.

³Tá sé ceadaithe ag sealbhóirí Chatagóir A paisinéirí, lasta agus/nó post a iompar ar aerárthach le 20 suíochán nó níos mó.

⁴Ceadaithe paisinéirí, lasta agus/nó post a iompar ar aerárthach le 20 suíochán nó níos lú agus/nó níos lú ná 10 dtonn MTOW (uasmhéachan éirithe de thalamh).

Faoi mar a éilítear le reachtaíocht lean an Coimisiún de mhonatóireacht a dhéanamh ar staid airgeadais gach iompróra cheadúnaithe ar feadh na bliana. Rinneadh monatóireacht ar chlúdach árachais agus sonraí Úinéireachta agus Rialaithe chun comhlíonadh a chinntiú leis an reachtaíocht ábhartha sa réimse seo.

Forbairtí Eile

I mí Lúnasa 2006, d'fhógair an tAire Iompair agus Grúpa Aer Lingus ctp/plc an rún maidir le dul ar aghaidh le maoiniú na haerlíne ar Stocmhalartáin na hÉireann agus Londain. Rinneadh Aer Lingus a fholuainiú ar an Stocmhalartán an 2 Deireadh Fómhair 2006.

Fosta i mí Dheireadh Fómhair 2006, rinne Ryanair tairiscint de €2.80 an scair do scairchaipiteal iomlán Aer Lingus. Tá an tairiscint seo faoi choinníoll go bhfaighfeadh Ryanair tromhlach scaireanna Aer Lingus ar a laghad. Tá an tairiscint seo mar ábhar fiosraithe faoi láthair á dhéanamh ag an gCoimisiún Eorpach de bhun rialacha cumaisc Chonradh na hEorpa. Táthar ag súil le torthaí an fhiosraithe seo i lár 2007.

Clár Oibre do 2007

- Leanfaidh an Coimisiún d'aeriompróirí a cheadúnú agus monatóireacht a dhéanamh orthu faoi mar a éilítear leis an reachtaíocht ábhartha;
- Tá Ceadúnais Oibrithe atá i seilbh 3 cuideachta dlite d'athnuachan le linn 2007;
- Le linn 2007, leanfaidh an Coimisiún de mhonatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí maidir le moladh an Choimisiúin Eorpaigh do Rialachán ar rialacha coitianta d'oibriú seirbhís aeriompair sa Chomhphobal. Tá an rialachán molta á bhreithniú faoi láthair ag leibhéal AE agus tá sí mar aidhm aige na Rialacháin 2407/92, 2408/92 agus 2409/92 (an 'An Tríú Pacáiste Aeir') a leasú agus a chomhdhlúthú.

Déanfaidh an Coimisiún monatóireacht ar fhorbairtí ar bith a bhaineanna le hoibriúcháin Úinéireachta Codánaí ag leibhéal AE agus forbairtí ábhartha ar bith eile sa réimse eitlíochta.



■ CEADÚNÚ TRÁDÁLA TAISTIL

Gníomhaithe Taistil agus Tionscnóirí Turas

Faoin Acht Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982, éilítear ar Thionscnóirí Turas agus ar Gníomhaithe Taistil a bheith ceadúnaithe agus i mbanna maidir le díolachán nó díolachán a thairiscint, de thaisteal thar lear ag tosú sa Stáit go dtí ceann scríbe lasmuigh den Stát.

Cuimsíonn an reachtaíocht an tAcht Iompair (Tionscnóirí Turas agus Gníomhairí Taistil), 1982, arna leasú ag an *Package Holidays and Travel Trade Act, 1995*. agus Rialacháin déanta de réir na nAchtanna sin.

IN 2006 fuair 371 comhlacht san iomlán ceadúnais i gcomparáid le 399 in 2005. Léiríonn sé seo treocht i dtreo comhdhlúthaithe níos fearr san earnáil. Mar sin féin, mar a léirítear sa tábla thíos, tugadh ceadúnais do 24 iarrthóir úr.

Achoimre ar Gníomhaíocht Cheadúnaithe

	Gníomhaithe	Tionscnóirí Taistil	Iomlán Turas
Comhardú ag 1 Eanáir 2006	322	77	399
Úr	18	6	24
Athnuachain	283	64	347
Neamh-Athnuachain	37	13	50
Bannaí a glaoth anuas	2	0	2
Comhardú 31 Nollaig 2006	301	70	371

Bannaí Gníomhaithe Taistil agus Thionscnóirí Turas

Tá gníomhaithe taistil agus tionscnóirí turas faoi oibleagáid dul isteach i mbanna sula dtugann an Coimisiún ceadúnas. I gcás go dteipeann gníomhaí taistil nó tionscnóir turas a n-oibleagáidí airgeadais nó conarthacha a shásamh beidh an Coimisiún freagrach as an mbanna a riar. Cuimsíonn an obair seo measúnú a dhéanamh ar éilimh aonair ó chustaiméirí an ghníomhaí taistil nó tionscnóra turas ar theip orthu, na haisíocaíochtaí cuí a dhéanamh, agus más gá, socruithe a dhéanamh d'athdhúichíú custaiméirí. Le linn 2006 rinneadh bannaí dhá ghníomhaí taistil a glao anuas.

Trádáil Neamhdhlíthiúil

Tá sé neamhdhlíthiúil a bheith i ngnó mar ghníomhaí taistil nó tionscnóir turas gan cheadúnas reatha. Faigheann an Coimisiún gearáin go minic maidir le trádáil neamhdhlíthiúil líomhanta. Fuarthas roinnt gearán in 2006 agus rinneadh iad a fhiosrú. Ciontaíodh dhá ghníomhaí taistil sna cúirteanna as trádáil a dhéanamh gan cheadúnas.

Forbairtí in 2006

Déanann an Coimisiún a dhícheall i gcónaí a phróisís a oiriúnú lena chinntiú go léiríonn siad riachtanais na n-earnalácha rialaithe agus a gcliant a mbíonn ag athrú i gcónaí chomh maith agus is féidir. Sa chomhthéacs seo tugadh isteach foirm shimplithe in 2006 do thionscnóirí turas agus gníomhaithe taistil d'fhonn próiseas sruthlíneach iarratais níos cairdiúla d'úsáideoirí a bheith ann. Chun é seo a dhéanamh b'éigean dhá cheann de na Rialacháin reachtúla a leasú.

Clár Oibre do 2007

Mar go bhfuil an córas um cheadúnú trádála taistil ann ar feadh thart ar 25 bliain, molann an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar a fheidhm le linn 2007, i dtéarmaí nósanna imeachta reatha agus úsáid níos fearr a bhaint as teicneolaíocht, chun moltaí maidir leis an dóigh is fearr le tomhaltóirí sheirbhísí na trádála taistil a chosaint amach anseo.

Is iad seo a leanas na príomhghnéithe i gClár Oibre an Choimisiúin do 2007 do Cheadúnú Trádála Taistil:

Déanfaidh an Coimisiún:

- iarratais ceadúnas agus éileamh bannaí a phróiseáil de réir éilimh;
- leanúint d'athbhreithniú a dhéanamh ar cheisteanna maidir le hardú ar tháillí ceadúnais lena chinntiú go leanfaidh an tseirbhís de bheith féinmhaonithe;
- saoráidí treisithe TF a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar bhainistíocht an Choimisiúin ar a shreabhadh oibre.



■ COSAINT DO THOMHALTÓIRÍ

CEARTA PHAISINÉIRÍ AEIR

Ról an Choimisiúin

Is é an Coimisiún an t-údarás ainmnithe i.e. An Comhlacht Náisiúnta Forfheidhmithe (CBF) chun críocha Rialachán 261/2004 CE (“an Rialachán”) a dhéileáilann le foráil chúitimh agus chuidithe do phaisinéirí i gcás go ndiúltófaí iad a ligean ar bord nó i gcás cealaithe agus le foráil chuidithe i gcás moilleanna. Tá sainchúram an Choimisiúin i ndáil le gach eitilt a fhágann ó aerfoirt suite i dtalamh Éireannach, le cois eitiltí ó thrú tíortha (neamh-AE) go dtí aerfoirt ar iompróir Comhphobail an aeriompróir oibrithe.

Is í príomhfhreagracht an Choimisiúin ná imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin i ndáil leis an Rialachán agus más cuí a chinntiú go gcomhlíonadh na haerlínte trí mhodh forfheidhmithe. Chomh maith leis sin, rinneadh an Rialachán a léiriú ar bhealach a cheadaíonn do phaisinéirí gearáin a dhéanamh le comhlacht ainmnithe ar bith (CBF) i mBallstát ar bith (e.g. leis an CBF ina dtír cónaithe) seachas leis an CBF sa tír ina bhfuil an t-aerfort inar tharlaigh an eachtra. Cé go n-éascaíonn an Coimisiún gearáin ar bith a fhaightear, cuirtear na gearáin seo ar aghaidh go dtí an CBF ábhartha le haghaidh imscrúdaithe a n-éilítear air freagairt a dhéanamh leis an ngearánaí go díreach

Gníomhaíocht le linn 2006

Rialachán 261

Chomh maith le gearáin scríofa a bhaineann le heachtraí ag aerfoirt na hÉireann a phróiseáil agus a imscrúdú, fuair an Coimisiún i rith 2006, trí r-phost agus tríd an nguthán, fiosruithe agus iarratais éagsúla maidir le faisnéis a bhaineann leis an Rialachán ar bhonn a bhí ag méadú go seasta. Bhí líon mhéadaithe de ghearáin ann chomh maith a bhí go cóir le haghaidh aird CFBanna eile agus cuireadh na gearáin uile neamh-Éireannacha ar aghaidh chucusan le haghaidh gnímh.

Le linn na bliana, ghlac foireann an Choimisiúin páirt sna cruinnithe éagsúla a thionóil an Coimisiún Eorpach agus a chomhairleoirí maidir le monatóireacht a dhéanamh ar léiriú agus cur i bhfeidhm an Rialacháin d’fhonn leasuithe féideartha a dhéanamh ar an Rialachán amach seo.

Briseadh síos de Ghearáin i ndáil le Rialachán 261

Aerfoirt na hÉireann

Chuimsigh siad sin:	Uimh.	%	
Diúltú Bordála	14	8	
Cealú	81	45	
Moill	86	47	
	---	---	
Líon iomlán na ngearán foirmiúil	181	100	
	===	===	
Iomlán na gCásanna Réitithe amhail 31/12/06	120	66	
An líon ag feitheamh críochnaithe	61	34	
Cásanna neamh-Éireannacha (curtha ar aghaidh ag CFBanna eile)			212

Cúrsaí neamhfheidhmiúcháin

Le cois cúrsaí a bhain le cearta phaisinéirí aeir faoi mar a leagadh amach sa Rialachán, faigheann an Coimisiún fiosruithe agus gearáin a bhaineann le cúrsaí “neamh-Rialachán 261” ar bhonn rialta i.e. bagáiste cailte/damáiste. I gcásanna mar seo, iarrtar ar ghearánaithe an gearán a phlé go díreach leis an aerlíne lena mbaineann mar go bhfuil an cheist lasmuigh de scóip Rialachán 261. Le linn 2006, ba ionann líon na gcásanna sa ghníomhaíocht seo agus 70.

Freagrachtaí Eile

I rith na bliana, d’ainmnigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an Coimisiún mar an údarás inniúil in Éirinn chun críocha Rialachán 2006/2004.

Cruthaíonn an Rialachán seo, ar bhonn comhoibrithe agus comhchuidithe, socruithe forordaithe agus cumhachtaí forfheidhmithe do na comhlachtaí siúd sna Ballstáit éagsúla atá freagrach as feidhmeanna costanta do thomhaltóirí a chomhlíonadh cosúil leis na cinn atá leagtha amach i Rialachán 261

Clár Oibre do 2007

Leanfaidh an Coimisiún de:

- gearáin a fhiosrú maidir le haerfoirt na hÉireann i ndáil leis an Rialachán;
- gearáin ar bith a fhaigheann siad maidir le sáruithe líomhanta i mBallstáit eile a chur ar aghaidh chuig an CFB ábhartha;
- monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na n-aerlínte atá ag seirbheáil aerfoirt na hÉireann leis na Rialachán;
- dul i ngleic le ceisteanna léirithe agus polasáí;
- páirt a ghlacadh i gcruinnithe ar bith a thionóllann an Coimisiún Eorpach nó eagraíocht ar bith eile maidir le leasuithe féideartha ar nó mionchoigeartú den, Rialachán.
- an fhaisnéis atá ar láithreán Gréasáin an Choimisiúin a bhaineann leis an Rialachán agus nósanna imeachta an Choimisiúin faoin gcéanna a threisiú agus a fhairsingiú;
- foirmeacha atá furasta a íoslódáil agus atá cairdiúil don úsáideoir chun gearáin a dhéanamh a tháirg;
- nuair a mheastar cuí é, cearta na bpaisinéirí aeir atá leagtha amach sa Rialachán a fhorfheidhmiú trí ionchúiseamh a ghlacadh in éadan aeriompróirí neamhchomhlíonta;
- páirt a ghlacadh mar a éilítear, i gcomhoibriú idir údaráis náisiúnta atá freagrach as forfheidhmiú na ndlíthe costanta tomhaltóirí faoi Rialachán CE 2006/2004.

■ LEITHDHÁILEADH SLIOTÁN

Cúlra Reachtúil

Faoi Alt 8 den Acht um Rialáil Eitlfochta, 2001, is é an Coimisiún an t-údarás inniúil in Éirinn faoi Rialachán (CEE) 95/93 den Chomhairle de 18 Eanáir 1993 (a leagann amach rialacha coitianta do leithdháileach sliotán ag aerfoirt c.homhphobail).

Is éard a thugtar air seo go neamhghoirmiúil, in éineacht le leasú eile den Rialachán (793/2004) ná an Rialachán Sliotán

Cé go bhfuil an Coimisiún faoi thoirmeasc go dlíthiúil ó ról comhordaitheora a fheidhmiú, tá an fheidhm aige, le héifeacht óna bhunú reachtúil i mí Feabhra 2001, ainmniú maidir le stádas sceidealaithe aerfoirt a dhéanamh nó a leasú agus éascaitheoir nó comhordaitheoir sceideal a cheapadh, más agus nuair is cuí

Stádas Sceidealaithe Aerfort Bhaile Átha Cliath

Fógraíodh Aerfort Bhaile Átha Cliath mar aerfort éascaithe sceideal in 2000 agus i ndiaidh anailís a rinneadh in 2004 ar thoilleadh, cinneadh i mí Aibreáin 2005 go n-ainmnófaí Aerfort Bhaile Átha Cliath mar aerfort comhordaithe le héifeacht ó thús shéasúr sceidealaithe an tSamhraidh i mí Mhárta 2006.

Chuir aeriompróir amháin ag Aerfort Bhaile Átha Cliath i gcoinne an chinnidh sin ina dhiaidh sin agus, i ndiaidh Athbhreithnithe Breithiúnaigh, chinn an Ard-Chúirt, ina Breithiúnas de mhí Iúil 2006, nár chuir an anailís ar thoilleadh in 2004 go leor taca faoi chinneadh an Choimisiúin de mhí Aibreáin 2005.

Ar iarratas ón gCoimisiún, dheonaigh an Cúirt Uachtarach cead d'fhonn Breithiúnas na hArd-Chúirte a achomhairc agus tá an t-achomharc sin fós ar feitheamh. Ar iarratas ón gCoimisiún maidir le Bac ar Chinneadh na hArd-Chúirte, fuair an Chúirt Uachtarach amach, ar cheist údaráis, nach raibh sí ábalta bac a dheonú ar ordú na hArd-Chúirte agus mar sin chuaigh Aerfort Bhaile Átha Cliath ar ais go dtí stádas éascaithe sceideal i mí Iúil 2006.

Forbairtí in 2006.

I bhfianaise thorthaí na hArd-Chúirte i ndáil le nádúr stairiúil na hanailíse ar thoilleadh a fhódaigh cinneadh an Choimisiúin i mí Aibreáin 2005 agus ag cur san áireamh tábhacht oibriúcháin aerfoirt maidir leis an ainmniú cuí a bheith acu ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, thug an Coimisiún faoi mheasúnacht úr toille ar Aerfort Bhaile Átha Cliath, i mí Lúnasa 2006.

I ndiaidh phróiseas oscailte tairisceana de réir riachtanais soláthair phoiblí AE, cheap an Coimisiún an comhlacht Leigh Fisher Associates – ar a dtugtar Jacobs Consulting UK Limited air anois – chun anailís neamhspleách a dhéanamh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ar thoilleadh an aerfoirt anois agus amach anseo de réir fhorálacha Airteagal 3 den Rialachán agus a chuirfeadh a chinneadh in iúl ar an stádas cuí sceidealaithe amach anseo ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Foilsigh an Coimisiún an anailís ar thoilleadh (“Tuarascáil Jacobs”) an 11 Nollaig 2006. Shainnigh an Tuarascáil fadhbanna tromchúiseacha toillte, go háirithe maidir leis an naprún agus an rúidbhealach, ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, sa mhéid is go dtáirgfeadh siad “moilleanna suntasacha” agus nach bhféadfaí fadhbanna mar seo a réiteach sa ghearrthéarma.

I ndiaidh a bhreathnaithe ar Thuarascáil Jacobs, agus dian-luacháil ar na freagairtí uile ar an dá bhabhta comhairliúcháin i ndiaidh foilsithe na Tuarascála sin, ghlac an Coimisiún Tuarascáil Jacobs faoi mar a d'éiligh an anailís ar thoilleadh faoin Rialachán agus ghlac sé comhairlí agus moltaí na Tuarascála chomh maith.

Bhí sé de thuairim an Choimisiúin go mbeadh an t-éileamh buaice táirgeachta ag Aerfort Bhaile Átha Cliath sa Samhradh in 2007 níos mó ná mar a measadh sa sceideal tuartha don Samhradh 2007 agus go mbeadh “moilleanna suntasacha” ag an aerfort agus nach bhféadfaí fadhbanna mar seo a réiteach sa ghearrthéarma.

Ina dhiaidh sin ar an 19 Feabhra 2007, d'ainmnigh an Coimisiún Aerfort Bhaile Átha Cliath mar chomhordaithe do shéasúr sceidealaithe an tSamhraidh in 2007 ag dul ó 25 Márta go dtí 27 Márta.

Trí scrúdú a dhéanamh ar stádas cuí sceidealaithe Aerfort Bhaile Átha Cliath i ndiaidh Shamhradh 2007, bhí aird ag an gCoimisiún ar chomhairlí Thuarascáil Jacobs, a mhol athrú ainmnithe de bharr thoilleadh neamhleor rúidbhealach agus náprún aerfort le linn buaic-amanna. D'ainmnigh an Coimisiún Aerfort Bhaile Átha Cliath mar chomhordaithe le héifeacht ag tús shéasúr sceidealaithe an Gheimhridh 2007 a thosódh an 28 Deireadh Fómhair 2007.

Dúshlán Dlíthiúil maidir leis na Cinntí seo.

Cé go ndíríonn an tuarascáil seo ar ghníomhaíocht an Chomisiúin in 2006, ba chóir a bhraith gur, lorg aerlíne amháin atá ag oibriú ag Aerfort Bhaile Átha Cliath cead d'fhonn na cinntí seo a achomhairc agus tá sí ag cuardach éisteacht luath san Ard-Chúirt.

Gníomhartha Forfheidhmithe ón gComhordaitheoir

Forálann Airteagal 14.4 den Rialachán go bhféadfaidh an comhordaitheoir sliotáin a aistarraingt ó aerlínte a oibríonn seirbhísí aeir arís agus arís eile agus d'aon aidhm ag am an-difriúil ón sliotán leithdháilte mar chuid de shraith nó a úsáideann sliotáin ar bhealach an-difriúil ón mbealach a léirítear ag am an leithdháilte agus leis sin ag déanamh dochair d'oibriúcháin aerfoirt nó trácht aerfoirt, don chuid eile den tréimhse sceidealaithe.

I 2006, d'oibrigh aerlíne ar bhealach contrártha d'fhorálacha Airteagal 14.4 agus d'úsáid an Comhordaitheoir na cumhachtaí a bhí aige chun gníomh a ghlacadh. Tá an Coimisiún sásta a bhraith gur, i ndiaidh dianchomhairliúcháin idir an aerlíne agus an Comhordaitheoir, réitíodh an staid faoi dheireadh 2006.

Tabhairt isteach smachtbhannaí do mhí-úsáid sliotán faoi Airt. 14.5 den Rialachán

Cuireann Airteagal 14.5 den Rialachán Sliotán, a cuireadh isteach le Rialachán 793/2004, oibleagáid ar Bhallstáit a chinntiú go bhfuil smachtbhannaí éifeachtúla, comhréireacha agus athchomhairleacha nó bearta cothroma ar fáil chun déileáil le hoibriú de sheirbhísí aeir ag amanna atá an-difriúil ó shliotáin leithdháilte nó úsáid sliotán i mbealach atá an-difriúil ón mbealach a léirítear ag am an leithdháilte arís agus arís eile agus d'aon aidhm, nuair a dhéanann sé seo dochair d'oibriúcháin aerfoirt nó oibriúcháin trácht aerfoirt.

Clár Oibre do 2007

Le cois an ghnáthspeictrim monatóireachta agus obair mhaoirseachta a bhaineann leis an leithdháileadh sliotán in 2007 déanfaidh an Coimisiún,

- athbhreithniú breithiúnach a chinntí comhordaithe a chosaint agus
- iarracht tabhairt isteach bearta chun smachtbhanna a chur ar mhí-úsáid sliotán a chur ar aghaidh.

■ DUALGAS GHINEARÁLTA DHITHIÚLA AGUS RIARACHÁIN.

Treoracha Aireachta

Níor eisigh an tAire Iompair treoracha ar bith faoi S10 den Acht um Rialáin Eitlíochta 2001 le linn 2006.


Pearsanra

Ceapadh Coimisinéara

I ndiaidh phróiseas neamhspleách roghnaithe a rinne an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí le cúnaimh ó PricewaterhouseCoopers, cheap an tAire Iompair an tUasal Cathal Guiomard mar Choimisinéir an 14 Meitheamh 2006, le dul in ionad an iar-Choimisinéir a d'éirigh as an 1 Nollaig 2005.

Foireann an Choimisiúin

Déanann an Coimisiún a fhoireann a earcú go díreach agus faigheann sé státseirbhísigh ar iasacht ón Roinn Iompair. Amhail 31 Nollaig 2006, bhí 20 ball foirne ar fáil don Choimisiún agus léirítear an briseadh síos thíos.



Tábla 1: Cairt anailíse ar fhoireann dhíreach agus rannach

Neamhleorgacht Soláthair Foirne

Faoi mar a tuairisciú roimhe seo, braitheann an Coimisiún, d'ainneoin roinnt iarratas chuig an Roinn Iompair, nach bhfuil go leor d'fhoireann aige chun an tasc maidir leis an raon iomlán dá fhreagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtúil. D'fhonn freastal ar a sprioc-amanna reachtúla, tá sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún úsáid chuimsitheach a bhaint as seirbhísí comhairleoirí seachtracha agus foireann shealadach ghníomhaireachta. Ní théann sé seo i ngleic, ar bhealach imleor ar bith, leis an méid leanúnach oibre agus dualgas a eascraíonn as an neamhleorgacht thromchúiseach atá ann leis na blianta maidir le hacmhainní a chur ar fáil.

Faightear foireann shealadach bhreise ó ghníomhaireachtaí fostaíocht chun na dualgas fáiltithe a chur i bhfeidhm, chun cuidiú in ualaí oibre sa réimse ceadúnaithe do Thrádáil Taistil a eascraíonn as cliseadh agus chun tacaíocht riachtanach chlérigh a chur ar fáil sa réimse d'fhorfheidhmiú chearta phaisinéirí aeir.

Aoisliúntas

Leanann an Coimisiún ag feitheamh ar cheadú foirmiúil Aireachta do na dréachtscéimeanna reachtúla aoisliúntais i mí Iúil 2002. Ar feitheamh an cheadúnaithe seo, feidhmíonn an Coimisiún scéimeanna eatramacha a bhfuil ceadú faighte acu ó na Coimisinéirí Ioncaim agus a sholáthraíonn do shochair inchomparáide leis na scéimeanna substainteacha arna gcur isteach.

Tá sé d'oibleagáid ar fhosaithe uile an Choimisiúin (seachas foireann ghníomhaireachta) dul isteach i scéimeanna sochair shainithe aoisliúntais nuair a thosaíonn siad ina bpost. Tugtar ráiteas bliantúil sochair do gach comhalta de réir riachtanais reachtaíocht pinsean ar marthain.

Bhí easnamh sa scéim an 31 Nollaig 2006 i gcomparáid le farasbarr ag 31 Nollaig. Tharla an t-athrú seo de bharr cailliúna achtúirí i ndlitanais phinsin in 2006.

Cosaint Sonraí

Tá an Coimisiún cláraithe leis an gCoimisinéir um Chosaint Sonraí chun sonraí leictreonacha a choinneáil maidir le cuid dá ghníomhaíochtaí: pearsanra, ceadúnú trádála taistil, ceadúnú aerlínte agus láimhséala talún agus sonraí áirithe faoi phaisinéirí aerlíne a dtéann diúltú a gcearta faoi Rialachán AE 241/2004 i bhfeidhm orthu.

Saoráil Faisnéise

Cuireadh 2 iarratas isteach in 2006, agus deonaíodh go hiomlán iad.

Fostaíocht Chomhairleoirí

Tá cead ag an gCoimisiún faoin Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001, na comhairleoirí agus na comhairleacha is iomcuí leis a fhostú do chomhlíonadh éifeachtúil a fheidhmeanna.

Le linn 2006, choinnigh an Coimisiún comhairleoirí/comhairleacha eacnamaíochta maidir le gnéithe an chinnidh ar mhuirir ar phaisinéirí aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus ar mhuirir sheirbhísí teirminéil eitlíochta arna dtobhach ag an Údarás um Rialáil Eitlíochta.

D'úsáid an Coimisiún foinsí lasmuigh d'fheidhmeanna áirithe a bhain le riarachán maidir le caidreamh meáin, tacaíocht/cothabháil TF agus párolla.

Chomh maith leis sin coinníodh seirbhísí Aturnaetha agus Comhairle an Choimisiúin chun na dúshláin ag eascairt faoin Athbhreithniú Breithiúnach a chosaint.

Cáipéisí Polasaí

Tá cinní críochaithe uile an Choimisiúin, bíodh siad eatramhach nó de chineál eile, foilsithe go leictreonach ar a láithreán Gréasáin agus tá cóipeanna crua le fáil ar iarratas ón gCoimisiún.

Is é polasaí cumarsáide an Choimisiúin ná gníomhú ar bhealach atá oscailte, trédhearach agus furasta a fháil.

Dualgais Riaracháin

Cur i bhFeidhm an Chóid Cleachtais maidir le Rialachas na gComhlachtaí Stáit

Cuireann an Coimisiún an Cód Cleachtas 2001 i bhfeidhm i ngach réimse infheidhme dá ghníomhaíochtaí. Tá roinnt gnéithe den Chód atá lasmuigh de scóip réimse gníomhaíochta an Choimisiúin nó, de bhua struchtúr an Choimisiúin, nach bhfuil ábhartha nó cuí. Déanann an Coimisiún a dhícheall na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach a chur i bhfeidhm agus tugann sé éifeacht do gach gné ghaolmhar an Chóid más cuí.

I gcomhréir riachtanais na dTreoirínte sin, tuairiscíonn an Coimisiún mar a leanas:

Cóid Iompair do Stiúrthóirí agus Fostaithe

Tá Coimisinéir ina cheannasaí ar an gCoimisiún ach níl Stiúrthóirí ar bith aige. Tá Lámhleabhar Fostaithe a chuimsíonn gnéithe maidir le hiompar eiticiúil agus breathnóireacht chóid chleachtais mar chuid de na téarmaí fostaíochta.

Rialaíonn Cód Caighdeán agus Iompair na Státseirbhísí an fhoireann ar iasacht ón Roinn Iompair.

Soláthar Poiblí

Cloíann na nósanna imeachta soláthair laistigh den Choimisiún leo siúd atá sainithe sna treoirínte náisiúnta reatha agus nuair is infheidhme i dtreoracha soláthair AE. De bharr chineál agus scála a riachtanas comhairleachta agus comhairleach, tagann an chuid is mó de na conarthaí faoi leibhéal na dteoirínte náisiúnta. Do chonarthaí a thosaíonn in 2007, déanfar na treoirínte maidir le bainteacht na gcomhairleoirí a ionchorprú go foirmiúil isteach i nósanna imeachta soláthair an Choimisiúin é féin d'fhonn soiléireacht agus trédhearcacht a chinntiú.

Diúscairt sócmhainní go dtí Tríú páirtithe

Níl sócmhainní ar bith den scála agus luach a shamhlaítear faoi na treoirínte ag an gCoimisiún. Cuimsíonn sócmhainní an Choimisiúin troscán agus trealamh oifige amháin. Ní raibh diúscairtí ar bith ann le linn na bliana.

Bunú fochuideachtaí agus éadálacha

Ní raibh fochuideachtaí nó éadálacha ar bith ann le linn 2006.

Éagsúlú

Níl aon moltaí éagsúlaithe déanta ag an gCoimisiún leis an Aire in 2006.

Luacháil Infheistíochta

Níor thabhaigh an Coimisiún caiteachas caipitil shuntasach ar bith in 2006. Cé go ndéanann an Coimisiún dianscrúdú ar mholtaí ar bith do chaiteachas caipitil i gcomhthéacs a bhuiséad bliantúil a leagan amach, ní ndearnadh luacháil infheistíochta den chinéal a samhlaíodh sna treoirlínte, mar go bhfuil scála infheistíochtaí caipitil an Choimisiúin i bhfad níos lú ná na cinn atá tugtha sna Treoirlínte. Níl infheistíochtaí seachtracha ar bith ag an gCoimisiún, nó níl moltaí ar bith aige ceann ar bith a dhéanamh roimh i bhfad.

Luach Saothair agus Táillí Stiúrthóirí

Cinneann an Gasra Athbhreithnithe ar Luach Saothair níos airde san Earnáil Phoiblí luach saothair an Choimisinéara agus níl ról ar bith ag an gCoimisiún sa leagan amach ag an leibhéal sin. Níl táillí nó díolaíochtaí ar bith sa bhreis iníochta leis an gCoimisinéir.

Luach Saothair Foirne

Leagtar amach leibhéil tuarastail fhoireann an Choimisiúin go lárnach agus ní chuirtear athruithe luach saothair seachas athbhreithnithe bliantúla pá más infheidhme, i bhfeidhm ach le cead an Aire Iompair agus Airgeadais. Níl táillí nó díolaíochtaí ar bith sa bhreis iníochta leis an bhfoireann.

Forchúitítear costais tuarastail na foirne rannaí ar iasacht chuig an Roinn Iompair ag costas móide muirear socraithe do líntas agus seirbhísí a soláthraítear go lárnach (párolla, pearsanra).

Níl táillí Stiúrthóirí ar bith ann mar níl Bord Stiúrthóirí ar bith ann.

Socruithe Tuairiscithe Airgeadais

Déanann an Coimisiún tuairiscí chuig an Aire Iompair faoi mar a fhorordaítear agus mar a éilítear le dlí é. Tá córas cuntasaíochta lánfhorbartha ag an gCoimisiún, a sholáthraíonn tuairiscí míosúla mionsonraithe bainistíochta agus airgeadais don bhainistíocht shinsearach. Ullmhaítear ráitis airgeadais an Choimisiúin de réir na bprionsabal cuntasaíochta coitianta faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil. Déanann an tArd-Reachtaire Ciste agus Cuntas iniúchadh bliantúil ar na ráitis seo faoi mar a ordaítear san Acht um Rialáil Eitlíochta 2001.

Pleanáil Straitéiseach agus Chorpáideach

Tá feidhmeanna agus freagrachtaí an Choimisiúin leagtha amach san Acht um Rialáil Eitlíochta 2001, Acht na nAerfort Stáit 2004 agus an Acht Eitlíocht, 2006. Gach bliain leagan an Coimisiún plean amach do gach réimse feidhmiúcháin atá deartha chun cuspóirí faoi seach agus oibleagáidí gach réimse a bhaint amach. Tuairiscíonn an Coimisiún go bliantúil chuig an Aire Iompair maidir leis an mbealach ina ndearnadh na feidhmeanna seo a chomhlíonadh an bhliain roimhe sin agus tugann sé cuntas ar an moltaí straitéiseacha maidir le comhlíonadh cuí na bhfeidhmeanna seo sa mheántearma.

AIRGEADAIS

Tuairiscí agus Cuntais

Táirgeann feidhm airgeadais an Choimisiún cuntais mhíosúla bainistíochta agus tuairiscí míosúla aithreachais bhuiséid mhionsonraithe a gcuirtear isteach chuig gach Ceann Feidhme. Tá Ráitis Airgeadais an Choimisiúin faoi réir ag iniúchadh ag an Ard-Reachtair Ciste agus Cuntas (ARC&C).

Torthaí airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006

Le linn 2006, rinne an tArd-Reachtair Ciste agus Cuntas iniúchadh ar na ráitis airgeadais do 2005 agus cuireadh isteach chuig an Aire iad lena leagan síos faoi bhráid Thithe an Oireachtais, faoi mar a éilítear faoi Alt 26 (b) an Achta um Rialáil Eitlíochta, 2001. Leagadh na cuntais seo síos an 18 Deireadh Fómhair, 2006.

An Coiste Iniúchta

Bhuail an Coiste Iniúchta le chéile trí huaire in 2006. Ag gach cruinniú cuireadh mionteagasc mionsonraithe ar an gCoiste ar an dul chun cinn laistigh den Choimisiún ar na snáithí éagsúla oibre. D'fhreastail baill foirne cuí an Choimisiúin (Dlíthiúil, Riaracháin, agus Cuntasaíocht) ar gach cruinniú chun cúrsaí laistigh dá réimsí feidhmiúcháin féin a phlé. D'fhreastail ionadaithe d'Iniúcháirí Inmheánacha an Choimisiúin ar ghnéithe gach cruinnithe a bhí cuí dá bhfreagrachtaí. D'fhreastail an Coimisinéir Gníomhach (an Coimisinéir ina dhiaidh sin) ar gach cruinniú chun comhairle a chur ar an gCoiste faoi na mórfhorbairtí corparáideacha.

IN 2006 ba iad na príomhcheisteanna a dhírigh an Coiste orthu, ná Clár Riosca Eagrúcháin an Choimisiúin, tuairiscí éagsúla iniúchta inmheánaigh, na ráitis airgeadais do 2005 agus litir bhainistíocht ghaolmhar an ARC & C, ceisteanna reatha dlí, (athbhreithnithe breithiúnacha) agus maoirseacht rialachais chorparáidigh.

Gabhann an Coimisiún buíochas le comhaltaí an Choiste as a gcuid oibre le linn na bliana.

Iniúchadh Inmheánach

Mar a maíodh inár Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánaigh, d'fhonn freagracht an Choimisiúin a chur i bhfeidhm ar bhealach a chinntíonn comhlíonadh, tá struchtúr eagrúcháin bunaithe ag an gCoimisiún le nósanna imeachta soiléire maidir le hoibriúcháin agus tuairisciú, línte freagrachta, teorainneacha údaraithe, leithscaradh dualgas agus údarás tairmligthe.

Tá creatlach láidir rialaithe i bhfeidhm ag an gCoiste, a chlúdaíonn gach réimse rialaithe.

Bhuail Coiste Iniúchta an Choimisiúin le hiniúcháirí inmheánacha an Choimisiúin, Deloitte, agus sholáthair siad ionchur dá gclár oibre do 2006. Rinne Deloitte a iniúchadh inmheánach i mí Márta 2006 agus dhírigh siad ar na réimsí: Banc agus Státhchiste, Soláthar agus Iníocaí, Mórleabhar Ginearálta, nósanna imeachta Buiséadaithe agus Cuntasaíocht Bainistíochta. Tháinig Deloitte ar an tuairim gur chuir bainistíocht an Choimisiúin córas imleor rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm sna réimsí seo. Thug Deloitte tuairisc athleanúna fosta ar an dul chun cinn maidir lena dtorthaí in 2005. Tá obair á leanúint ar aghaidh chun na feabhsúcháin mholta a thugtar sa tuarascáil seo a chur i bhfeidhm. Tá athbhreithniú déanta ag an gCoimisinéir, na Cinn Fheidhme agus an gCoiste Iniúchta ar na tuairiscí seo go léir.

Thug an Coiste Iniúchta ordú do Deloitte díriú ar a chéad iniúchadh eile ar an réimse Rialachais laistigh den Choimisiún. Tá Deloitte lena iniúchadh a dhéanamh sa réimse seo i Márta-Aibreán 2007.

Comhlíonadh le Cáin

Tá an Coimisiún faoi dhliteanas ag ÍMAT, CBL, agus PSWT. Chuir an Coimisiún gach tuairisceán cánach ábharta isteach do 2006 agus comhlíonann sé go hiomlán le cáin.

Tobhach

Forálann alt 23 den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001, d'fhonn caiteachas cruinnithe a thabhaíonn an Coimisiún go cuí i gcomhlíonadh a fheidhmeanna faoin Acht, go bhféadfaidh an Coimisiún rialacháin a ghearrann tobhach chun costais agus caiteachas oibríthe measta a bhaint amach ach gan dul tharstu. Tá an tobhach iníoctha leis an gcineál sin aicme de ghnóthais faoi mar a shaineodh an Coimisiún.

Eisíodh Rialacháin dar teideal "Rialacháin an Achta um Rialáil Eitlíochta (Tobhach Uimh. 7) 2006" (I.R. Uimh. 658 de 2006) an 20 Nollaig 2006 chun éifeacht a thabhairt do Thobhach an Choimisiúin do 2007.

Beidh an Coimisiún ag déanamh athbhreithnithe ar an mbealach a bheidh sé maoinithe in 2007 agus d'fhonn é seo a dhéanamh, beidh sé ag dul isteach i bpróiseas comhairliúcháin leis an tionscal chomh luath agus is féidir in 2007.

Dréacht-Ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006

Tá sliocht ó na Dréacht-ráitis airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006, atá faoi réir ag iniúchadh ag an Ard-Reachtair Ciste agus Cuntas, leagtha amach sna leathanaigh a leanas.



An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
An Cuntas Ioncaim & Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006

Ioncam	2006 Iomlán €	2005 Iomlán €
Fáltais Tobhaigh	2,675,170	868,333
Táille Ceadúnaithe	443,433	482,688
Eile	8,570	22,697
Oll-ioncam	3,127,173	1,373,718
Aistriú (go)/ón gCuntas Caipitil	21,715	12,367
Glan-ioncam	3,148,888	1,386,085
Caiteachas		
Tuarastail	1,423,118	1,160,336
Costais Phinsin	52,182	30,323
Comhairleacht	539,434	949,427
Táillí Dílíthiúla	771,145	626,772
Fógraíocht & Caidreamh Poiblí	66,246	85,092
Taisteal & Liúntas Cothaithe	12,489	5,027
Oiliúint	38,918	16,660
Táillí Iniúchta	12,000	11,520
Cothabháil Gréasáin	25,653	26,503
Cíos	283,356	280,271
Leictreachas	7,393	6,776
Cothabháil Oifige	4,935	8,342
Árachas	85,977	88,152
Páipéarachas Oifige	23,635	17,017
Postas & Iompar	4,684	3,861
Guthán	10,204	14,759
Éascú Sceidil Aerfort Bhaile Átha Cliath	329,235	227,402
Dímheas	21,715	22,431
Muirear Seirbhísí	42,953	37,467
Ráta	30,199	29,092
Eile	157,113	96,012
	3,942,584	3,743,242
Fuílleach / (Easnamh) Oibrithe	(793,696)	(2,357,157)
Comhardú amhail 1 Eanáir	(35,692)	2,321,465
Comhardú amhail 31 Nollaig	(829,388)	(35,692)

Is cuid ríthábhachtach an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta agus an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim de na Ráitis Airgeadais seo.

Cathal Guiomard
Coimisinéir

Dáta

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

An Ráiteas maidir le Gnóthachain agus Cailliúintí Aitheanta Iomlána don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2006

	Deireadh na bliana 31/12/06	31/12/05
	€	€
Fuílleach/(Easnamh) oibrithe	(793,696)	(2,357,157)
Gnóthachain/(cailliúint) achtúireach ar Dhhliteanais Phinsin	(118,579)	60,287
Gnóthachain agus (Cailliúintí) Aitheanta Iomlána	<u>(912,275)</u>	<u>(2,296,870)</u>

Is cuid ríthábhachtach an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta agus an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim de na Ráitis Airgeadais seo.



Cathal Guiomard

Comisinéir

Dáta



An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
Clár Comhardaithe amhail 31 Nollaig 2006

	2006		2005	
	€	€	€	€
Sócmhainní Seasta				
Sócmhainní Inláimhsithe		43,063		64,778
Sócmhainní Reatha				
Cuntais Bainc	19,724,431		15,770,572	
Fiachóirí agus réamhíocaíochta	<u>552,498</u>		<u>454,380</u>	
	<u>20,276,929</u>		<u>16,224,952</u>	
Crediúnaithe:				
Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin				
Creidiúnaithe agus fabhruithe	(2,004,213)		(1,155,161)	
Cuntas Bannaí Airgid	(19,150,133)		(15,154,523)	
Glansócmhainní Reatha gan Sócmhainn/Dliteanas Pinsin san áireamh	<u>(877,417)</u>			<u>(84,732)</u>
Glansócmhainn/Glandliteanas Pinsin	(39,620)			79,970
Glansócmhainní lena n-áirítear Sócmhainn/Dliteanas Pinsin	<u>(917,037)</u>			<u>(4,762)</u>
Glansócmhainní	<u>(873,974)</u>			<u>60,016</u>
Arna Maoiniú ag				
Fuilleach/(Easnamh) an Chuntais Ioncaim & Caiteachais	(829,388)			(35,692)
Cuntas Caipitil	43,063			64,778
Cúlchiste Pinsin	<u>(87,649)</u>			<u>30,930</u>
Caipiteal in Úsáid	<u>(873,974)</u>			<u>60,016</u>

Is cuid ríthábhachtach an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta agus an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim de na Ráitis Airgeadais seo.

Cathal Guiomard

Cathal Guiomard
Comisinéir

Dáta

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochna

Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid Thirim don bhliain dar críoch Nollaig 2006

	2006 €	2005 €
Comhdhlúthú d'fhuilleach oibrithe le glan-insreabhadh airgid/(glan-eis-sreabhadh airgid) ó ghníomhaíochtaí oibrithe		
Fuilleach/(Easnamh) ar Ioncam agus Caiteachas	(793,696)	(2,357,157)
Difríocht idir Costas Pinsin agus Ranníocaíocht Fhostaí	1,011	(31,789)
Dímheas	21,715	22,431
Ús Bainc	(6,823)	(20,122)
Aistriú (ó)/go Cuntas Caipitil	(21,715)	(12,367)
Laghdú/(Méadú) i bhFiachóirí	(28,049)	(223,062)
Laghdú/(Méadú) i Réamhíocaíochtaí	(70,069)	(6,490)
Laghdú/(Méadú) i gCrediúnaithe	183,592	92,569
Laghdú/(Méadú) i bhFabhruithe	665,460	234,202
Glan-insreabhadh airgid/glan-eis-sreabhadh airgid) ó Ghníomhaíochtaí Oibrithe	(48,574)	(2,301,785)
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim		
Glan-insreabhadh airgid/glan-eis-sreabhadh airgid) ó Ghníomhaíochtaí Oibrithe	(48,574)	(2,301,785)
Aisíocaíochtaí ar Infheistíocht		
Ús Bainc	6,823	20,122
Caiteachas Caipitil		
Ceannach Sócmhainní Seasta	-	(10,064)
Maoiniú		
Méadú / (Laghdú) i gCuntais Bannaí Airgid & TPF	3,995,610	1,044,513
Bainistíocht d'Acmhainní Leachta		
Méadú / (Laghdú) i gCistí ar Thaisc	111,439	2,477,377
Méadú/(Laghdú) i gComharduithe Airgid	4,065,298	1,230,163
Comhdhlúthú de ghlansreabhadh airgid le gluaiseachtaí i nglanchistí		
Méadú / (Laghdú) in airgead ar láimh sa tréimhse	4,065,298	1,230,163
Airgead tirim a úsáideach d'fhonn acmhainní leachta a mhéadú	(111,439)	(2,477,377)
Athrú i nGlanchistí	3,953,859	(1,247,214)
Glanchistí Tosaigh	15,770,572	17,017,786
Glanchistí Deiridh	19,724,431	15,770,572

Is cuid ríthábhachtach an Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasafóchna agus an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim de na Ráitis Airgeadais seo



Cathal Guiomard
Comisinéir

Dáta

AGUISÍN I - PÁIPÉIR CHOIMISIÚIN ARNA N-EISIÚINT IN 2006.

Uimhir	Dáta Eisiúna	Teideal
CP 1/2006 Eitlíochta	30 Márta 2006	Uasleibhéil de Mhuirir Sheirbhísí Teirminéil An Ráiteas Bliantúil Sealadach Comhlíonta don Bhliain Rialála 26 Márta 2005 go 25 Márta 2006 agus Ríomh na Caidhpe Muirear don Bhliain Rialála 26 Márta 2006 go 25 Márta 2007
CP 2/2006	4 Aibreán 2006	Uasleibhéil de Mhuirir Aerfoirt Comhairliúchán ar thabhairt isteach smachtbhannaí faoi airteagal 14.5 den Rialachán 95/93 an AE, (arna leasú) ar rialacha coitianta maidir le leithdháileadh sliotán ag aerfoirt chomhphobail
CP 3/2006	20 Aibreán 2006	Uasleibhéil de Mhuirir Aerfoirt Comhairliúchán ar chinneadh 2006 an Phainéil Achomhairc Eitlíochta
CP 4/2006	8 Meitheamh 2006	Moladh chun táillí Ceadúnais Ghníomhaithe Taistil agus Thionsnóirí Turas a ardú
CP 5/2006	22 Meitheamh 2006	Uasleibhéil de Mhuirir Aerfoirt Chinneadh an Choimisiúin de thoradh Tarchuir a rinne an Painéal Achomhairc Eitlíochta 2006
CP 6/2006	4 Meán Fómhair 2006	Uasleibhéil de Mhuirir Aerfoirt Comhairliúchán poiblí ar an Athbhreithniú Eatramhach a rinneadh ar Chinneadh Mheán Fómhair 2005 maidir le huasleibhéil mhuirir aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.

CP 7/2006	5 Deireadh Fómhair 2006	Páipéar Próisis I dtreo Cinnidh ar Mhuirir Sheirbhísí Teirminéil Eitlíochotha faoin Acht um Rialáil Eitlíochotha, 2001, arna Leasú ag Acht na nAerfort Stáit, 2004
CP 8/2006	5 Deireadh Fómhair 2006	Páipéar ar cheisteanna Uasleibhéil Mhuirir Sheirbhísí Teirminéil Eitlíochotha Údarás Eitlíochotha na hÉireann
CP 9/2006	8 Nollaig 2006	Cinneadh maidir le hathbheithniú eatramhach a dhéanamh ar Chinneadh Mhuirir Aerfoirt Aerfort Bhaile Átha Cliath arna dhátú 29 Meán Fómhair 2005
CP 10/2006	21 Nollaig 2006	Uasleibhéil Mhuirir Sheirbhísí Teirminéil Eitlíochotha Údarás Eitlíochotha na hÉireann Dréacht-Chinneadh agus Meamram Míniúcháin
CP 11/2006	21 Nollaig 2006	Uasleibhéil de Mhuirir Aerfoirt Caidhpeanna Muirear do 2007